NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

## Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Ábhar tacaíochta

# Cruth agus spás: Feasacht ar spásúlacht agus suíomh – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- plé a dhéanamh ar shuíomh agus ar ghluaiseachtaí rudaí in íomhánna, ar léarscáileanna idirghníomhacha agus ina gcuid líníochtaí féin.
- rudaí a chur agus a aimsiú sa timpeallacht, m.sh., *folach bíog a dhéanamh ar a chéile*.
- gluaiseacht agus suíomhanna a choirp féin a fhiosrú (castaí, codanna den chorp a bhogadh ag uillinneacha faoi leith, ina mhalairt treonna, srl.), m.sh., *spóirt, damhsa, cluichí ar nós Deir Ó Grádaigh*.
- tagairt a dhéanamh do agus úsáid a bhaint as príomhthreoracha (ó thuaidh, ó dheas, soir, siar) m.sh., *cluichí treoshuímh*.
- cur síos a dhéanamh ar shuíomhanna ar léarscáileanna nó i ngreillí ar an bplána comhordúcháin iomlán ag baint úsáid as an x-ais agus an y-ais.



### Cumarsáid a dhéanamh

- an teanga chuí a úsáid agus cur síos á dhéanamh aige ar shuíomh daoine nó rudaí i gcoibhneas le daoine nó rudaí, m.sh., *gar do, i bhfad, in aice le, ar thaobh na láimhe clé*.
- treoracha a thabhairt agus a leanúint ar bhealach níos cruinne agus níos cruinne, m.sh., *cas ar dheis, tóg leathchasadh ar deiseal, glac deich gcéim bheaga siar ó thuaidh*.
- suíomhanna fíorshaoil nó samhaltaithe a léiriú (m.sh., *suíomhanna scéalta*) trí léarscáileanna, líníochtaí nó samhlacha ó réimse radharc, m.sh., *radharc ón spéir, aghaidhchló*.
- suíomh, treo, scála agus fad ar léarscáileanna digiteacha nó traidisiúnta den cheantar áitiúil nó áiteanna spéise eile a fhiosrú agus a phlé.
- eolas ar chineálacha uillinneacha a úsáid (m.sh., *géaruillinn, dronuillinn*) le buillí faoi thuairim a thabhairt maidir le tomhais uillinneacha nach fios, m.sh., *tá an chuma ar an uillinn seo go bhfuil sí rud beag níos lú ná dronuillinn, mar sin, b'fhéidir gur uillinn 85 céim atá ann*.



### Réasúnaíocht a dhéanamh

- suíomh áiteanna nó rudaí faoi leith ar léarscáil a oibriú amach ag baint úsáid as treoracha soiléire, leideanna nó breaceolas.
- siombailí ar chomharthaí bóthair a chuireann bonn eolais faoi bhealaí taistil a scrúdú agus a phlé, m.sh., *t-acomhail, ná castar ar chlé*.
- tabhairt faoi thascanna spraíúla a bhfuil bealaí a chur in oiriúint mar chuid díobh, m.sh., *déan cur síos ar/léirigh an bealach sa mhalairt treo, bain triail as bealaí éagsúla leis an gceann is éifeachtaí a fháil amach*.
- faid idir suíomhanna éagsúla ar léarscáil a mheas nó a oibriú amach ag baint úsáid as breaceolas, m.sh., *is ionann an fad ó A go B agus 100km agus is ionann an fad ó B go C agus thart ar dhá oiread sin*.
- na huillinneacha atá in easnamh i gcruthanna agus i línte trasnaithe a dhéanamh amach trína meas, trína dtomhas, agus/nó trína ríomh, m.sh., *chun an uillinn atá in easnamh i dtriantán neamhrialta a oibriú amach, is féidir liom suim an dá uillinn nach fios a bhaint ó 180 céim*.



### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- bogadh mar fhreagra ar rudaí atá ina bhealach ina thimpeallacht, m.sh., *trí chúrsaí bacainní*.
- feasacht ar spásúlacht a chur i bhfeidhm i dtascanna réitigh fadhbanna, m.sh., *suíomh ruda a shainaithint ar léarscáil taisce, i dtóraíocht taisce nó i gcluichí folaigh bíge*.
- fadhbanna a réiteach a mbaineann cruthú agus/nó leanúint léarscáileanna digiteacha agus traidisiúnta leo, m.sh., *misin tarrthála shamhlaithe, dúshláin treodóireachta grúpa*.
- cluichí a imirt ina ndéantar pointí comhordanáide a bhreacadh agus a aimsiú i gcomhthéacsanna fíorshaoil agus samhlaithe, m.sh., *Longa Cogaidh, ealaín chomhordanáide a dhearadh*.
- tabhairt faoi thascanna ina ndéantar rudaí a spásáil agus a shuí ar léarscáil/ar phlána comhordúcháin, ar phlean urláir, srl., m.sh., *seomra ranga a dhearadh do na trí bhéar, páirc théama ina bhfuil líon faoi leith marcaíochtaí agus áiseanna ann a dhearadh*.



Arna fhorbairt i gcomhar le **Mary Kearney, Múinteoir Bunscoile, Co. na Gaillimhe**